# MO CHONAIR GHARIME NIAMH

poistphoiblí
publicjobs

# Is Rialtóir Éigeandála Leighis í Niamh leis an Ionad Oibríochta Éigeandála Náisiúnta – an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna.

“Mholfainn gairm sa tseirbhís phoiblí d’éinne, toisc gur ról é a bhfuil pá maith ag dul leis agus ina bhfaigheann tú deis oibriú le daoine éagsúla. Is timpeallacht í ina ngluaiseann cúrsaí go sciobtha agus ní mar a chéile aon dá lá.”



Rinne mé m’Ardteist in 2008 agus ansin bhain mé B.A. Onóracha amach sa Bhéarla agus sa Tíreolaíocht i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.

D’oibrigh mé mar fhreastalaí beáir in The Grafton Bar i gCorcaigh ar feadh bliana, ó mhí Mheán Fómhair 2010 go dtí 2011, agus, ansin, bhog mé go Baile Átha Cliath agus d’oibrigh mé mar Mhaoirseoir/ Bhainisteoir Gníomhach in Wilde, an Bhialann in Óstán Westbury go lánaimseartha ar feadh bliana, nuair a bhí bliain dheireanach mo chéime á críochnú agam go seachtrach.

Bhain mé céim amach in 2012, tar éis dom mo bhliain dheireanach a dhéanamh thar 2 bhliain (ghlac sé 5 bliana orm an chéim a bhaint amach, seachas 3 bliana).



Thosaigh mé ag obair i mBanc na hÉireann mar bhall den fhoireann um sheirbhís do chustaiméirí sa bhrainse i nDún Laoghaire agus chaith mé dhá bhliain ann sular thosaigh mé ag obair sa tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna i mí Lúnasa 2015.

Rinne mé obair ar bhonn deonach le Cros Dhearg na hÉireann ó bhí mé sa choláiste agus nuair a bhí mé ag obair i mBanc na hÉireann, d’inis cara liom, a bhí ag obair sa tSeirbhís Otharcharranna cheana féin mar Oibrí Cúraim Inmheánaigh, dom go raibh folúntas sa seomra rialaithe.

Rinne mé taighde ar an ról agus bhí a fhios agam go mbeadh suim mhór agam ann agus chuir mé tús leis an bpróiseas ansin. Bhí suim agam i gcónaí i gcláir leighis ar an teilifís agus bhí suim agam sa ról óna bheith ag obair ar bhonn deonach leis an gCros Dhearg, forbairt an-nádúrtha a bhí i gceist.



Maidir le mo phríomhról, tá mé i mo Fhreagróir Glaonna Éigeandála. Freagraím glaonna ó bhaill den phobal, ó dhochtúirí ginearálta agus ó ospidéil. De ghnáth, is glaonna éigeandála iad na glaonna seo.

Ó thosaigh mé sa ról 5 bliana ó shin, tá mé i gcónaí ag forbairt scileanna nua. Tá róil eile ar fáil sa seomra rialaithe mar aon leis an ról mar Fhreagróir Glaonna Éigeandála, agus bhí an deis agam na róil seo a chomhlíonadh agus meantóireacht a dhéanamh ar dhaoine nua a thosaíonn sa seomra rialaithe.

D’fhorbair mé na scileanna seo agus mé ar scoil agus nuair a bhí mé ag obair leis an gCros Dhearg, ach tháinig feabhas ar na scileanna seo de bharr na hoibre atá á déanamh agam sa seomra rialaithe agus fuair mé deis díriú ar na rudaí is mó a bhfuil sé ar mo chumas iad a dhéanamh.

poistphoiblí
publicjobs

# Sonraí an Phoist – Freagróir Glaonna Éigeandála

| | |
|---|---|
| ROINN | An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna Faigh tuilleadh eolais anseo Ag tosú ar €31,950 sa bhliain *is féidir go n-athrófaí é seo |
| TUARASTAL | Nuair a dhéantar glaonna 999/112, ceanglaítear glaoiteoirí le hOibrí Seirbhíse Éigeandala, a chuireann iad ar aghaidh díreach chuig an tseirbhís éigeandála chuí, m.sh. |
| CUR SÍOS AR AN RÓL | an tSeirbhís Otharcharranna, an tSeirbhís Dóiteáin, An Garda Síochána srl. Nuair a cheanglaítear iad leis an nGarda Síochána déileálann Oibrithe Ionaid Rialaithe leis na glaonna. Tá deiseanna leis an nGarda Síochána do Fhreagróirí Glaonna ina n-ionaid ghlaonna chun glaonna éigeandála 999/112 a fhreagairt agus déileáil le gach eachtra ar bhealach cuí. Is ionann éigeandáil agus eachtra ar bith ina bhfuil freagra ó na Gardaí riachtanach láithreach.<br>Sampla díobh siúd is ea:<br>• Beatha i mbaol • Baol gortaithe thromchúisigh • Coir ag tarlú nó ar tí tarlú • Ciontóir ar an láthair go fóill nó díreach imithe<br>Tá freagróirí glaonna éigeandála ag teastáil ón tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna chomh maith chun glaonna ó bhaill den phobal, ó dhochtúirí ginearálta agus ó ospidéil a fhreagairt. Glaonna éigeandála a bhíonn i gceist de ghnáth, agus glaonn daoine ar a son féin, ar son duine mhuinteartha nó ar son duine eile a raibh timpiste acu nó a bhfuil fadhb leighis acu. Caithfidh freagróirí uimhir theileafóin an ghlaoiteora agus an áit a bhfuil an t-othar a fháil amach agus eolas a fháil faoi cad go díreach a tharla trí cheisteanna réamhshocraithe a úsáid. Tugann siad comhairle don ghlaoitear ansin faoin gcaoi ar féidir leo cabhrú leis an othar go dtí do dtagann an t-otharcharr, .i. an chaoi a ndéantar ACS ar othar má tá stad cairdiach i gceist. |
| RIACHTANAIS IONTRÁLA | Má cheaptar thú, beidh ort freastal ar chúrsa oiliúna a mhairfidh 4/5 seachtaine. Tá na scileanna seo a leanas ag teastáil:<br>• Abheith dírithe ar sheirbhís do chustaiméirí.<br>• Scileanna maithe cumarsáide idirphearsanta, mar aon le béasa teileafóin.<br>• An cumas éisteacht agus ceisteanna a chur go héifeachtach agus go cuí.<br>• An cumas obair a dhéanamh ar ardchaighdeán agus foghlaim ó bhotúin.<br>• Muinín a bheith agat.<br>• In ann plé le cásanna deacra.<br>• Comhoibríoch, solúbtha agus foighneach.<br>• Sárscileanna cumarsáide, lena n-áirítear guth soiléir labhartha.<br>• An cumas cumarsáid shoiléir agus líofa a dhéanamh, ó bhéal agus i scríbhinn.<br>• Eolas maith ar ríomhairí agus scileanna maithe méarchláir.<br>• Tuigeann an duine a ról féin san fhoireann agus déanann siad gach iarracht é sin a chomhlíonadh.<br>• Socair agus tú faoi bhrú;<br>• Aithníonn agus tuigeann an duine an phráinn agus an tábhacht a bhaineann le tascanna éagsúla;<br>• Cúramach maidir le sonraí. |
| AN PRÓISEAS IARRATAIS | 1. Cláraigh d'fholáirimh maidir le poist ar publicjobs.ie chun a bheith ar an eolas nuair a thagann folúntais chun cinn<br>2. Cuir iarratas isteach ar líne ar Publicjobs.ie roimh an dáta dúnta<br>3. Ceistneoir Measúnaithe ar Líne<br>4. Agallamh |